Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2016

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Oideachas Reiligiúnach

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**
Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.
Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**
Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Réamhrá Ginearálta**
Tá an measúnú ar Oideachas Reiligiúnach san Ardteistiméireacht Gnáthleibhéil bunaithe ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí gach roinne de shiollabas an Oideachais Reiligiúnaigh don Ardteistiméireacht a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2003.
Nuair a ghrádaítear marc i scéim mharcála an scrúdaithe, bronntar an marc do fhreagra an iarrthóra laistigh de raon ó shármhaith go han-mhaith, maith, réasúnta, lag, an-lag agus gan grád ar bith. In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh. Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
Níl na 'Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann' a chuirtear i láthair sa scéim mharcála seo iomlán ná uileghabhálach. Déanfar pointí ábhartha breise a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna orthu de réir a bhfiúntais. Níl na tuairiscí ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile. Más rud é go bhfuil tú neamhchinnte faoi bhailíocht freagra mhalartaigh, téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

NÍ MÓR DON IARRTHÓIR DHÁ CHEANN DE NA TRÍ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

## ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

### CEIST 1. TRAIDISIÚN AN CHUARDAIGH

**Freagair a) agus b).**

**1 A 1 a)** ***Samhlaigh go bhfuil tú ag glacadh páirte i ndíospóireacht faoin bhfiúntas atá ann do dhaoine óga sa lá atá inniu ann staidéar a dhéanamh ar an bhfealsúnacht.***
**Tabhair breac-chuntas ar na pointí a dhéanfá maidir le nádúr agus aidhm na fealsúnachta agus a fiúntas don tsochaí sa lá atá inniu ann. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar chuardach brí i smaointeoireacht fhealsúnach trí eolas cruinn a leagan amach ar shaintréithe agus ar fheidhmeanna na fealsúnachta agus ar a fiúntas don tsochaí sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Nádúr na fealsúnachta – is dual don duine a bheith ag smaoineamh ar nádúr na cruinne; an duine ag cuardach críonnachta; is mian le daoine freagraí a fháil ar cheisteanna móra na beatha; sásaíonn an fhealsúnacht riachtanais intleachtúla agus spioradálta an duine, etc.
- Aidhm na fealsúnachta – tá cur ceisteanna ina chuid lárnach d'fhorbairt an duine e.g. cad í sprioc na beatha? Soláthraíonn an fhealsúnacht disciplíní éagsúla trína ndéanann daoine brí na beatha a chuardach, i.e. meitifisic, antraipeolaíocht, eitic, etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**1 A 1 b) Déan cur síos ar an gcaoi a raibh ról ag ceann amháin ar bith de smaointe Shócraitéas i bhforbairt na fealsúnachta. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar chuardach brí i smaointeoireacht fhealsúnach trí chuntas cruinn a thabhairt ar an gcaoi a raibh ról ag ceann amháin ar bith de smaointe Shócraitéas i bhforbairt na fealsúnachta.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Bhí cur chuige an 'cheistitheora aineolaigh' de chuid Shócraitéas i leith fírinní uilíocha ina mhórfhorbairt ar shiúl ón gcur chuige coibhneasaíoch suibiachtúil a bhí á úsáid ag Sofaistí, etc.
- D'imir smaoineamh/modh fealsúnach de chuid Shócraitéas tionchar ar fhealsúna eile, e.g. murab ionann agus an Modh Socráiteach, chonaic Hegel an ghluaiseacht i dtreo sintéise mar bhealach ina dtéann smaoineamh agus réaltacht chun cinn, etc.
- An dóigh ar lorg Sócraitéas prionsabail uilíocha atá fíor do gach pobal ag gach am, e.g. bhí tionchar ag smaoineamh na maithe morálta ar Arastatail, dalta Phlatóin, a d'fhorbair fealsúnacht eitice inar theagasc Arastatail go bhfoghlaimíonn daoine cad is rud maith ann trí rud maith a dhéanamh, etc.

- Etc.

Tabhair ar aird: Tugann an t-iarrthóir cuntas cruinn ar cheann amháin de smaointe Shócraitéas ach ní dhéanann sé/sí tagairt don ról a bhí aige i bhforbairt na fealsúnachta – Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Tugann an t-iarrthóir cuntas cruinn ar fhorbairt na fealsúnachta ach ní dhéanann sé/sí tagairt do cheann amháin de smaointe Shócraitéas – Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5     4 > 2     1 > 0 | 20M |

**CEIST 2.     COINCHEAPA DE DHIA**

**Freagair a) agus b).**

**1 A 2 a)** ***Léiríonn íomhánna éagsúla de Dhia tuiscintí difriúla ar Dhia.***
**Scrúdaigh íomhá thraidisiúnta amháin agus íomhá nua-aimseartha amháin de Dhia, agus mínigh an tuiscint ar Dhia a mhúsclaíonn gach íomhá. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar íomhánna de Dhia trí fhéachaint go grinn ar íomhá sheanbhunaithe amháin de Dhia agus ar íomhá nuabhunaithe amháin de Dhia agus an tuiscint ar Dhia a mhúsclaíonn gach íomhá.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Íomhá thraidisiúnta Dé mar Dhia uilechumhachtach, e.g. sa Ghiúdachas feictear ar Dhia mar chruthaitheoir, pearsa chumhachtach a bhféadfadh a phobal a shábháil ó leatrom, rud a léiríonn an tuiscint go dtugann Dia aire dá mhuintir, etc.
- Íomhá nua-aimseartha de Dhia, e.g. Ealaín – in '*Jesus of the People'* le Janet McKenzie, léirítear Íosa mar bhean óg Afrai-Mheiriceánach lena chur in iúl nach mbaineann Dia le grúpa eitneach nó inscne amháin ach gur Dia do chách é, etc.

Tabhair ar aird: Glac le freagraí tuairisciúla.

Códaigh *MC*x2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 10 > 9 | 8 > 7 | 6 | 5 > 4 | 3     > 2     > 1 | 10Mx2 |

**1 A 2 b) Cuir i gcomparáid an tuiscint ar Dhia atá le fáil in dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas:**
**◆ AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆ AN tIOSLAMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar an aondiachas trí chosúlacht agus/nó difríocht idir an tuiscint ar Dhia atá le fáil in dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda a liostaítear sa cheist, a chur i láthair.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- An Chríostaíocht – Mar a chéile ó thaobh an chreidimh i nDia amháin de ach difriúil maidir leis an gcreideamh go bhfuil triúr pearsana in aon Dia amháin (an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh), etc.
- An tIoslamachas – Mar a chéile ó thaobh an chreidimh i nDia amháin, Allah, de ach difriúil maidir leis an gcreideamh go bhfuil ról speisialta ag Mahamad san Ioslamachas mar theachtaire Allah, etc.
- An Giúdachas – Mar a chéile ó thaobh an chreidimh i nDia amháin de, cruthaitheoir agus foinse an uile ní, arna nochtadh sa Tórá mar Dhia ceanúil cóir etc.

Tabhair ar aird: Glac le freagraí tuairisciúla.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 4 > 2 1 > 0 | 20M |

**CEIST 3. TRAIDISIÚN AN FHREAGRA**

**Freagair a) agus b).**

**1 A 3 a) Ainmnigh beirt a bhí ríthábhachtach sa traidisiún daonnachach agus dean cur síos ar an méid a chuir gach duine díobh le forbairt an daonnachais.** **20M**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar fhorbairt an daonnachais trí bheirt a bhí ríthábhachtach sa traidisiún daonnachach a aithint go cruinn agus trí chuntas cruinn a thabhairt ar an méid a chuir gach duine díobh le forbairt an daonnachais.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Erasmus – mhol sé seasamh sceipteachais, i.e. gach rud a cheistiú agus breithiúnas a dhéanamh ina dhiaidh sin; ghlac René Descartes leis an gcur chuige sin ina dhiaidh sin agus d'fhorbair sé é, etc.
- Karl Marx – leag sé béim ar shuibiachtúlacht agus ar ghníomhú daonna, dhiúltaigh sé do reiligiún agus chreid sé go raibh comhfhios agus réasúnaíocht dhaonna thar a bheith tábhachtach; chuir sé leis an tuiscint ar an tsochaí trí scríobh faoi streachailt an duine ar son na saoirse agus an gá le lánchumas a bhaint amach, etc.
- Albert Camus – mhúin sé go bhféadfadh saol bríoch a bheith ag daoine; d'fhéadfaí sochaí bhríoch a bhaint amach nuair a d'aithneofaí dínit gach duine aonair agus nuair a bheadh meas ar intleacht an duine, etc.
- Etc.

Códaigh *MC*x2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 10 > 9 | 8 > 7 | 6 | 5 > 4 | 3 > 2 > 1 | 10Mx2 |

**1 A 3 b)** ***Is féidir bunús an daonnachais shaolta a rianú siar go dtí na smaointe a tháinig chun cinn le linn an Renaissance sa 15ú agus sa 16ú haois.***
**Is féidir bunús an daonnachais shaolta a rianú siar go dtí na smaointe a tháinig chun cinn le linn an Renaissance sa 15ú agus sa 16ú haois.** **20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar fhoinsí saolta luachanna pobail trí eolas cruinn a leagan amach ar shampla faoin gcaoi ar tháinig freagraí neamhreiligiúnacha chun cinn maidir le ceisteanna faoi bhrí na beatha i ré áirithe seachas sa Renaissance sa 15ú agus sa 16ú haois.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Le linn Ré na hEagnaíochta nó Ré an Réasúin cuireadh luach leis an tsaoirse chun úsáid a bhaint as réasún i ngach réimse dioscúrsa. Maíodh sa mhéid seo gur tugadh cúl le foirmeacha traidisiúnta údaráis agus gur cuireadh bunús moráltachta saolta i dtoll a chéile. Cuireadh go leor de luachanna Ré na hEagnaíochta in iúl mar luachanna pobail sa Dearbhú um Chearta an Duine agus an tSaoránaigh, etc.
- Scríobh Kant faoin dóigh ar chóir do dhaoine iad féin a iompar agus d'fhorbair sé an tuairim ar an ordú catagóireach, i.e. gníomhaigh amhail is go mbeadh fírinne ghinearálta do ghníomhaíochta ina dlí uilíoch; chuir sé seo le forbairt luachanna neamhreiligiúnacha pobail siocair go rabhthas in ann maitheas a thuiscint gan a bheith ag brath ar fhoinsí reiligiúnacha, etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

## AONAD A DÓ

NÍ MÓR D'IARRTHÓIRÍ DHÁ CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

### ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: BUNÚS AGUS CUR IN IÚL COMHAIMSEARTHA

**Freagair a), b) agus c).**

**2 B a) Mínigh na cúiseanna ar cuireadh Íosa ar a thriail os comhair an tSainidrín agus os comhair Phointias Píoláit araon. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar chúinsí bhás Íosa trí chuntas cruinn a thabhairt ar na cúiseanna ar cuireadh Íosa ar a thriail os comhair an tSainidrín agus údaráis na Róimhe sa Phalaistín sa chéad aois.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Triail os comhair an tSainidrín – cúirt dlí na nGiúdach; cuireadh diamhasla i leith Íosa mar gur mhaígh sé go raibh an t-údarás aige peacaí a mhaitheamh; bhíodh sé in achrann leis na Fairisínigh, etc.
- Triail os comhair Phointias Píoláit – ba ag údaráis na Róimhe a bhí an chumhacht daoine a chur chun báis agus, mar sin de, cuireadh Íosa ar a thriail os comhair Phointias Píoláit; bhí Íosa ina bhagairt ar údarás na Róimhe toisc nach raibh a theagasc ag teacht le luachanna sóisialta na Róimhe agus bhíothas buartha go mbeadh corraíl ann sa todhchaí de bharr líon na ndaoine a bhí á leanúint.

Tabhair ar aird: Glac le freagraí tuairisciúla.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**2 B b) Déan cur síos ar dhá shlí ina raibh tionchar ag aiséirí Íosa ar an mothú misin a bhí ag na chéad deisceabail. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar aiséirí Íosa trí chuntas cruinn a thabhairt ar dhá shlí ina raibh tionchar ag aiséirí Íosa ar an mothú misin a bhí ag na chéad deisceabail.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Bhain ciall nua le tuiscint na ndeisceabal ar theagasc Íosa toisc gur léir anois gurbh ionann focail Íosa agus briathar Dé, etc.
- Thug sé spreagadh do na deisceabail dul i mbun gnímh agus a ordú a chomhlíonadh, is é sin deisceabail a dhéanamh den uile phobal, cionn is gur thuig siad go raibh Íosa ina láthair athuair, etc.
- Etc.

Códaigh *MC*x2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 > 9 | 8 > 7 | 6 | 5 > 4 | 3 | > 2 | > 1 | 10Mx2 |

**2 B c) Maidir le dhá cheann de na gluaiseachtaí thíos, mínigh an chaoi a raibh filleadh ar theagasc Íosa lárnach dá mbunú:**

- **CÉLI DÉ**
- **DIAGACHT NA SAOIRSE**
- **LEASUITHE LIÚTAIR**
- **GLUAISEACHT SHOISCÉALACH PHROTASTÚNACHAS AN 19Ú hAOIS LUATH**
- **NA hOIRD DÉIRCE**
- **AN DARA COMHAIRLE VATACÁNACH**

**40M**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar oiriúnú agus ar athchóiriú sa traidisiún Críostaí trí chuntas cruinn a thabhairt ar an gcaoi a raibh filleadh ar theagasc Íosa lárnach do bhunú dhá cheann de na gluaiseachtaí a liostaítear sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Céli Dé – d'fhéach an ghluaiseacht le mainistreacha reatha a athnuachan trí athnuachan ar thraidisiún aiséitiúil bunaithe ar Bhriathar Dé agus ar dheabhóid do na naoimh; dhírigh an ghluaiseacht ar an bhfilleadh ar theagasc Íosa; chuir an ghluaiseacht béim arís ar thábhacht na hurnaí, na hoibre, an staidéir agus an tiomantais do mhodh maireachtála Críostaí, a corpraíodh ina móideanna bochtaineachta agus geanmnaíochta, etc.
- Diagacht na Saoirse – chuir an ghluaiseacht roimpi leanúint de mhisean Íosa trí obair a dhéanamh chun an tsochaí a athrú ó bhun sa tslí go bhféadfadh an uile dhuine maireachtáil faoi dhínit agus faoi shaoirse; deir an ghluaiseacht gur teachtaireacht fuascailte í teachtaireacht an tSoiscéil agus meastar gurb é Íosa an fuascailteoir mór, etc.
- Leasuithe Liútair – chreid Mártan Liútar, ar shagart Agaistíneach Gearmánach é, go raibh a nasc le fís Íosa Nazórach caillte ag an Eaglais; leagadh béim ar an gcreideamh fíor agus ar an tslí nár mhór go mbeadh sé bunaithe ar mhaireachtáil ar nós Íosa féin, etc.
- Gluaiseacht Shoiscéalach Phrotastúnachas an 19ú hAois Luath – chuir an ghluaiseacht roimpi briathar Dé a scaipeadh; leagadh béim ar bhás slánaithe Íosa Críost ar an gcros agus ar thiontú pearsanta, rud ba chúis le hathrú ar an gcineál saoil a mhaireann lucht an chreidimh, etc.
- Na hOird Déirce – d'fhorbair an ghluaiseacht foirm uirbeach den saol manachúil a bhí an-chosúil le stíl mhaireachtála Íosa faoi mar a nochtar sna Soiscéil í, i.e. ní raibh iarmhais ag na baill ach bhí cead acu déirc a iarraidh, etc.
- An Dara Comhairle Vatacánach – d'fhéach an ghluaiseacht le fís bhunaidh na Críostaíochta a athaimsiú agus a hábharthacht sa saol nua-aimseartha á cur in iúl, etc.

Códaigh *MC*x2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

## ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA

**Freagair a), b) agus c).**

**2 C a) Roghnaigh ceann amháin de na reiligiúin dhomhanda ó Liosta A agus ceann amháin ó Liosta B thíos:**

**Liosta A: ◆ AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆ AN GIÚDACHAS**

**Liosta B: ◆ AN BÚDACHAS ◆ AN HIONDÚCHAS ◆ AN tIOSLAMACHAS**

**Cuir síos ar dheasghnáth amháin as gach ceann de na reiligiúin dhomhanda a roghnaigh tú thuas ina sonraítear tréimhse i saol creidmhigh**. **20M**

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra sármhaith eolas ar mhór-reiligiúin dhomhanda trí chuntas cruinn a thabhairt ar na focail shiombalacha agus na gníomhartha siombalacha a úsáideann baill de reiligiún domhanda chun tréimhse sa saol a shonrú, as gach ceann amháin de na liostaí a thugtar sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- An Chríostaíocht, e.g. Baisteadh – cuireann an sagart fáilte roimh an leanbh thar ceann an phobail Chríostaí; tugann na tuismitheoirí ainm don leanbh agus geallann siad é/í a thógáil laistigh den chreideamh Críostaí; lastar coinneal bhaiste, etc.
- An Búdachas, e.g. searmanas ainmniúcháin ina gcuirtear céir leáite i mbabhla uisce lena linn, etc.
- An Hiondúchas, e.g. leagtar snáth beannaithe ó ghualainn go coim ar an mbuachaill beag Hiondúch, etc.
- An tIoslamachas, e.g. Aqiqah – déantar gruaig an linbh a bhearradh agus a mheá nuair a bhíonn sé nó sí seacht lá d'aois lena dhéanamh amach cé mhéad ba cheart a thabhairt do charthanacht, etc.
- An Giúdachas, e.g. Brit Milah – nuair atá leanbh ocht lá d'aois, bíonn searmanas beannaithe speisialta ann; caithfear buachaill a thimpeallghearradh de réir an Tórá,etc.

Tabhair ar aird: Déanann an t-iarrthóir cur síos cruinn ar dheasghnáth amháin a bhaineann le reiligiún domhanda as gach ceann de na liostaí a thugtar sa cheist ach ní dhéanann sé/sí aon tagairt do na focail shiombalacha ná do na gníomhartha siombalacha a shonraíonn tréimhse i saol creidmhigh – Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh *MC*x2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 10 > 9 | 8 > 7 | 6 | 5 > 4 | 3 > 2 > 1 | 10Mx2 |

**2 C b) Mínigh brí na ndeasghnáth a bhfuil cur síos déanta agat orthu thuas do bhaill na reiligiún domhanda lena mbaineann gach ceann díobh. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra sármhaith tuiscint ar phríomhghnéithe na reiligiún domhanda trí chuntas cruinn a thabhairt ar bhrí na bhfocal siombalach agus na ngníomhartha siombalacha a shonraíonn tréimhse i saol creidmheach, i ngach ceann amháin de na reiligiúin dhomhanda a ndéantar cur síos orthu i gcuid (a) den cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- An Chríostaíocht, e.g. tá an ola Chaiticiúmanach a úsáidtear i mBaisteadh ina siombail den chosaint ar olc, den neart agus den leigheas; is siombail é an t-uisce go bhfuil an leanbh tar éis dul isteach i saol nua sa Chríostaíocht agus go bhfuil sé nó sí glan ó pheaca an tsinsir; is siombail den leanbh agus é nó í ag roinnt sholas Chríost é lasadh choinneal na Cásca, etc.
- An Búdachas, e.g. is siombail é scaoileadh na céarach leáite isteach i mbabhla uisce sa searmanas ainmniúcháin den aontas idir tine, aer agus uisce agus den dóchas go mbeidh síth den chineál céanna i saol an pháiste, etc.
- An Hiondúchas, e.g. leagtar snáth beannaithe ar ghualainn buachalla Hiondúigh chun glacadh freagrachtaí nua a shonrú cionn is gur féidir le buachaill Hiondúch Puja a dhéanamh, etc.

- An tIoslamachas, e.g. sa searmanas Aqiqah déantar ainmhí a íobairt agus leanbh a ainmniú de réir theagasc Mhahamad mar bhealach chun an leanbh a ghealladh do Allah, etc.
- An Giúdachas, e.g. Brit Milah – is siombail é an timpeallghearradh deasghnách den chomhpháirtíocht le Dia agus de dhéanamh cúnaint, etc.

Códaigh *MC*x2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 10 > 9 | 8 > 7 | 6 | 5 > 4 | 3 > 2 > 1 | 10Mx2 |

**2 C c)** ❖ **REILIGIÚN TRAIDISIÚNTA AFRACACH** ❖ **REILIGIÚN SÍNEACH**
❖ **GLUAISEACHT NUA REILIGIÚNACH** ❖ **AN CREIDEAMH BAHA'I**
❖ **REILIGIÚN SAÍCEACH**

**Roghnaigh ceann amháin díobh seo thuas agus déan cur síos ar shampla den chaoi a mbíonn tionchar ag a gcreidimh reiligiúnacha ar stíl mhaireachtála na ndaoine a chreideann. 40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar ghluaiseacht nua reiligiúnach nó ar thraidisiún beo eile trí chuntas cruinn a thabhairt ar an tionchar atá ag na creidimh a ghabhann le Reiligiún Traidisiúnta Afracach *nó* le Reiligiún Síneach *nó* le Gluaiseacht Nua Reiligiúnach *nó* leis an gCreideamh Baha'i *nó* le Reiligiún Saíceach ar stíl mhaireachtála na ndaoine a chreideann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Reiligiún Traidisiúnta Afracach, e.g. tugann na daoine a chreideann ofrálacha do spioraid agus do dhéithe éagsúla trí urnaí, gairm, damhsa deasghnách, amhránaíocht agus draíocht mar chosaint in éadan drochspiorad, etc.
- Reiligiún Síneach, e.g. an Confúiceachas agus an Taochas – tá meas ag creidmhigh ar thoil Dé trí shaol dílis a chaitheamh agus trína bheith dílis don teaghlach agus don stát, etc.
- Gluaiseacht Nua Reiligiúnach, e.g. Finnéithe Iehova – tá tionchar ag an gcreideamh gur chuir Dia a thoil in iúl tríd an mBíobla ar an mbrí liteartha a bhaineann creidmhigh as an mBíobla chomh maith le diúltú aon chleachtais nach bhfaightear ann, e.g. cuireann siad cosc ar fhuilaistriú mar gheall ar an mbrí liteartha a bhaineann siad as an mBíobla, etc.
- An Creideamh Baha'i, e.g. imríonn an creideamh sa Baha'u'llah, a mhúin aontacht an chine dhaonna, tionchar ar chreidmhigh chun staidéar a dhéanamh ar an uile théacs reiligiúnach; obair a dhéanamh chun domhan cothrom a chruthú trí mhaireachtáil go síochánta le gach duine eile, etc.
- Reiligiún Saíceach, e.g. imríonn scrioptúir bheannaithe tionchar ar chreidmhigh chun trí phríomhdhualgas a chomhlíonadh: — Dia a thabhairt chun cuimhneamh; oibriú go hionraic; carthanas a thaispeáint; úsáid a bhaint as na scrioptúir bheannaithe le haghaidh urnaí agus machnamh a dhéanamh gach lá ar maidin agus sa tráthnóna, etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 9 > 4 3 > 0 | 40M |

## ROINN D CINNEADH MORÁLTA A DHÉANAMH

**Freagair a), b) agus c).**

**2 D a) Cuir síos ar dhá shampla ón gcultúr nua-aimseartha a léiríonn gur cuid den staid dhaonna nádúrtha é a bheith ag smaoineamh faoin moráltacht. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar mhoráltacht mar fheiniméan daonna nádúrtha trí chuntas cruinn a thabhairt ar dhá shampla ón gcultúr nua-aimseartha a léiríonn go mbíonn gach duine ag smaoineamh faoina bhfuil ceart agus mícheart.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- E.g. léiríonn Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine de chuid na Náisiún Aontaithe caighdeáin bhunúsacha chomhchoiteanna maidir le hiompar ceart le go gcaithfear go hómósach le gach duine beag beann ar náisiúntacht, cine, inscne, reiligiún, etc.
- Etc.

Tabhair ar aird: Glac le freagraí tuairisciúla.

Códaigh *MC*x2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 > 9 | 8 > 7 | 6 | 5 > 4 | 3 | 2 | 1 > 0 | 10Mx2 |

**2 D b) Scrúdaigh conas a léirítear cothromaíocht idir luachanna pearsanta agus luachanna pobail i gcód morálta nó i gcairt a ndearna tú staidéar air/uirthi. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an gceangal idir luachanna pearsanta agus luachanna pobail trí fhéachaint go grinn ar conas a léiríonn cód morálta nó cairt cothromaíocht idir luachanna pearsanta agus luachanna pobail.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- e.g. Na Deich nAitheanta – baineann na chéad trí cinn le luachanna pearsanta maidir leis an gcaidreamh idir na creidmhigh agus Dia; leagtar béim sna seacht n-aitheanta eile ar a thábhachtaí atá luachanna pobail, e.g. 'Ná déan marú', 'Ná tabhair fianaise bhréige in aghaidh do chomharsan', etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**2 D c) ● AN BUNÚSAÍOCHAS ● AN CHOIBHNEASACHT**
**Léirigh le samplaí conas a bheadh gach ceann díobh seo thuas mar threoir ag duine i mbun cinneadh a dhéanamh faoi cad atá ceart agus mícheart i gcás saincheist a ndearna tú staidéar uirthi. 40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar mhoráltacht i sochaí iolraíoch trí chuntas cruinn a thabhairt ar shampla amháin nó níos mó den chaoi a bhféadfadh an bhrí liteartha agus

dhogmach a bhaintear as na scrioptúir nó as dlíthe morálta tionchar a imirt ar roghanna morálta duine chomh maith leis an tuairim go bhfuil moráltacht suibiachtúil agus go mbraitheann sí ar an gcás atá i gceist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- An Bunúsaíochas, e.g. maruithe onóra – dúnmharuithe díoltais a dhéantar chun clú duine a chur i réim arís, duine ar measadh go ndearna sé nó sí cód morálta a bhriseadh, etc.
- An Choibhneasacht, e.g. meastar go bhfuil gadaíocht chun bia a fháil ceart ó thaobh na moráltachta de siocair nach bhfaighidh an duine bás le hocras, etc.

Tabhair ar aird: Glac le freagraí tuairisciúla.

Códaigh *MC*x2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

## AONAD A TRÍ

NÍ MÓR D'IARRTHÓIRÍ CEANN **AMHÁIN** DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

## ROINN F SAINCHEISTEANNA CÓRA AGUS SÍOCHÁNA

**Freagair a) agus b).**

**3 F a)i.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***Reiligiúin Dhomhanda:*** | **AN BÚDACHAS —** | **AN tIOSLAMACHAS —** | **AN GIÚDACHAS —** |
| ***Teagasca:*** | **NA CÚIG FHORAITHNE** | **LEASIONADAÍ AN DOMHAIN** | **AN tSABÓID, SCHMITTAH & AN IUBHAILE** |

**Roghnaigh ceann amháin de na reiligiúin dhomhanda thuas agus mínigh conas is féidir aire a thabhairt don timpeallacht a fheiceáil mar chuid dá theagasc reiligiúnach a luaitear thuas. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra sármhaith eolas ar theagasc traidisiúin reiligiúnaigh trí chuntas cruinn a thabhairt ar conas is féidir aire a thabhairt don timpeallacht a fheiceáil i gceann amháin de theagasc na reiligiún domhanda a liostaítear sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- An Búdachas — Na Cúig Fhoraithne, díríonn siad ar mhaireachtáil go síochánta le do chorp, leis an dúlra agus le daoine eile; baineann an chéad fhoraithne go díreach le haire a thabhairt don timpeallacht ós rud é go ndeir sí gan dúil bheo a mharú; spreagann an dara foraithne 'ná glac leis an rud nach dtugtar' imní éiceolaíochta de bharr go n-iarrann sí ar an lucht leanúna machnamh a dhéanamh ar a n-úsáid as acmhainní nádúrtha, etc.
- An tIoslamachas — Leasionadaí an Domhain, is coincheap Ioslamach é seo i ndáil le maoirseacht an domhain; gaireann Allah lucht leanúna an Ioslamachais chun aire a thabhairt do chruthú an domhain mar chosantóirí, etc.
- An Giúdachas — An tSabóid, Schmittah agus an Iubhaile e.g. is tráth í an tSabóid (gach seachtú lá) i gcomhair scíthe agus saibhriú spioradálta ina léirítear an gá le stopadh agus a thuiscint gur le Dia an domhan, etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**3 F a)ii. Scrúdaigh an chaoi a mbeadh tionchar ag teagasca an reiligiúin dhomhanda a roghnaigh tú i gcuid F a)i thuas ar stíl mhaireachtála na gcreidmheach sa lá atá inniu ann. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar theagasc traidisiún reiligiúnach trí fhéachaint go grinn ar an gcaoi a mbeadh tionchar ag teagasc an reiligiúin dhomhanda a roghnaítear i gcuid Fa)i den cheist ar stíl mhaireachtála na gcreidmheach sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- An Giúdachas – iarrann an tSabóid, agus an chaoi a leagann sí béim ar scíth a ligean, ar chreidmhigh stop a chur leis an bhfeachtas síoraí i gcomhair an tsaibhris trí bheith i mbun oibre go seasmhach, etc.

- An Búdachas – cuireann na Cúig Fhoraithne bonn praiticiúil ar fáil le haghaidh maireachtáil mhorálta; is í an bhrí a bhaineann mórán Búdaithe as an gcéad fhoraithne (gan dochar a dhéanamh d'aon dúil bheo) ná gur chóir stíl mhaireachtála veigeatóra a chleachtadh, etc.
- An tIoslamachas – mar leasionadaithe an domhain, ní mór do lucht leanúna an Ioslamachais maireachtáil ar bhealach a bhfuil ag teacht leis an dúlra de réir an Chóráin; meastar go léiríonn deasghnáth Halal trua d'ainmhithe ach iad a mharú ar an dóigh is daonnachtúla lena ngabhann an méid is lú péine agus is féidir, etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**3 F b) ◆ AN CHÓIR MAR CHOTHROM NA FÉINNE ◆ AN CHÓIR MAR DHÍOLTAS ◆ AN CHÓIR MAR CHUR CHUN CINN AN CHOMHIONANNAIS**
**Tabhair breac-chuntas ar na príomhláidreachtaí agus na príomhlaigí a bhaineann le dhá cheann de na tuiscintí thuas ar an gcóir chun caidrimh maithe a chothú idir dhaoine. 40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar thuiscintí éagsúla ar an gcóir trí eolas cruinn a leagan amach ar na príomhláidreachtaí agus na príomhlaigí a bhaineann le dhá cheann de na tuiscintí a liostaítear sa cheist ar an gcóir chun caidrimh mhaithe a chothú idir dhaoine.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- An chóir mar chothrom na Féinne – braitear go bhfuil gach duine cothrom, i dteideal na deise céanna; tá deis ann go gcaithfear go cothrom le gach duine sa tsochaí agus rachaidh sé chun tairbhe do gach duine nuair a bhíonn meas ar chomhionannas bunúsach an uile dhuine; tagann éagóir chun cinn nuair nach mbíonn an deis chéanna ag daoine, etc.
- An chóir mar dhíoltas – gearrtar pionós as éagóir a dhéanamh; bealach chun an t-ord morálta a athbhunú ach an tsochaí a chothromú ar an tslí cheart; ní aimsítear cothromaíocht idir an trócaire agus an chóir agus d'fhéadfaí eagla roimh phionós a chruthú sa tsochaí, etc.
- An chóir mar chur chun cinn an chomhionannais – comhchearta ag gach duine beag beann ar inscne, cine, etc.; cuirtear síocháin sa tsochaí chun cinn; ní chuirtear san áireamh na difríochtaí atá idir daoine agus corruair bíonn gá le hidirdhealú dearfach sa tsochaí, etc.

Tabhair ar aird: Glac le freagraí tuairisciúla.
Tugann an t-iarrthóir eolas cruinn ar dhá thuiscint ar an gcóir a liostaítear sa cheist ach ní dhéanann sé/sí aon tagairt do na príomhláidreachtaí ná do na príomhlaigí – Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh *MC*x2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M x2 |

## ROINN G ADHRADH, URNAÍ AGUS DEASGHNÁTH

**Freagair a) agus b).**

**3 G a)i. Mínigh dhá chúis a bhfuil an machnamh tábhachtach i saol daoine óga sa lá atá inniu ann. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an ngá atá le machnamh i saol na ndaoine trí chuntas cruinn a thabhairt ar dhá chúis a bhfuil machnamh domhain tábhachtach i saol daoine óga sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- D'fhéadfadh machnamh go domhain cur le tuiscint daoine óga ar bhunfhírinní an tsaoil sa lá atá inniu ann, etc.
- Tugann machnamh deis do dhaoine óga smaoineamh ar an athrú ó óige go haosacht agus ar cad ba mhaith leo a dhéanamh lena saol, etc.
- Etc.

Códaigh *MC*x2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 > 9 | 8 > 7 | 6 | 5 > 4 | 3 | 2 | 1 > 0 | 10Mx2 |

**3 G a)ii. Cuir síos ar na tréithe a bhaineann leis an eispéireas reiligiúnach, agus dean tagairt don ról atá ag an machnamh ann. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint eispéiris reiligiúnaigh trí chuntas cruinn a thabhairt ar na príomhghnéithe a bhaineann le heispéireas ar Dhia/ar dhéithe/ar an diagaire agus ar an ról atá ag machnamh domhain san eispéireas sin.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Is féidir leis an eispéireas reiligiúnach an caidreamh idir an féin agus an tarchéimnitheach a nochtadh; fearann nua brí a chur i láthair daoine ach iad a chur ag smaoineamh ar a ról sa domhan agus ar bhrí na beatha, etc.
- Féadfaidh an t-eispéireas reiligiúnach do shaol a athrú; tugtar deis do dhaoine machnamh a dhéanamh ar chríonnacht, ar scéalta agus ar shiombailí pobail reiligiúnaigh d'fhonn brí a bhaint as a gcuid eispéireas féin, etc.
- Etc.

Tabhair ar aird: Glac le freagraí tuairisciúla.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**3 G b) Tabhair breac-chuntas ar bhrí sacraiminte agus ar an ngaol atá aici le deasghnáth agus le siombail, do bhaill dhá shainchreideamh Críostaí a ndearna tú staidéar orthu. 40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar bhrí sacraiminte sa traidisiún Críostaí trí eolas cruinn a leagan amach ar bhrí sacraiminte agus ar an ngaol atá aici le deasghnáth agus le siombail in dhá shainchreideamh Críostaí.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Úsáidtear focail agus siombailí i sacraimintí sa traidisiún Críostaí chun réaltacht níos doimhne a nochtadh ar a dtugtar grásta; comharthaí/siombailí a bhunaigh Críost le réaltacht níos doimhne a nochtadh ar a dtugtar grásta; bíonn difríochtaí sainchreidmheacha ann sa chaoi gur féidir le sacraimintí a bheith ina ngeallúint grásta, ina gcomhartha grásta, ina mbealach chun grásta a fháil agus maidir le cad is sacraimint ann, etc.
- e.g. An traidisiún Caitliceach Rómhánach — tuigtear gur teagmháil le Críost iad na seacht sacraimint; trí ghníomh Chríost agus trí chumhacht an Spioraid Naomh cuireann na sacraimintí i láthair a gciallaíonn siad, etc.
- e.g. An Chomaoin Anglacánach — 'comhartha seachtrach infheicthe de ghrásta inmheánach spioradálta...'; tá dhá shacraimint ann, Baisteadh agus an Eocairist, agus cúig mhinistreacht shacraimintiúla grásta, etc.

Tabhair ar aird: Glac le freagraí tuairisciúla, i.e. sampla ina léirítear tuiscint ar bhrí sacraiminte agus ar an ngaol atá aici le deasghnáth agus le siombail in dhá shainchreideamh Críostaí.

Códaigh *MC*x2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M x2 |

## ROINN I REILIGIÚN: TAITHÍ NA hÉIREANN

**Freagair a)i *nó* a)ii agus b).**

**3 I a)i. Scrúdaigh an chaoi a léirítear creidimh agus/nó cleachtais Réamh-Chríostaí i miotas nó i sága Éireannach amháin. 40M**

*Critéir Mharcála*
Aithneofar i bhfreagra sármhaith fianaise ar chreideamh reiligiúnach in Éirinn sa chianaimsir trí fhéachaint go grinn ar an gcaoi a léirítear creidimh agus/nó cleachtais Réamh-Chríostaí i miotas Éireannach nó i sága Éireannach.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Is ionann miotas agus scéal traidisiúnta ársa faoi dhéithe nó faoi laochra a d'fhéadfadh idéil choiteanna pobail a chuimsiú, e.g. is miotas é an scéal faoi Chlann Lir a insíonn an eachtra thragóideach faoi cad a tharla do pháistí Lir agus tugann sé léargas ar chuid de na cleachtais agus na creidimh reiligiúnacha ón ré réamh-Chríostaí, etc.
- Is ionann sága agus scéal mionsonraithe – is iondúil go dtugann sé cuntas ar imeachtaí cróga ón am atá thart a thiteann amach thar thréimhse fhada, e.g. is féidir creideamh Réamh-Chríostaí i gcumhachtaí osnádúrtha a fheiceáil sna tagairtí do na cumhachtaí draíochtacha a thuairiscítear sna ságaí a bhaineann le Cú Chulainn, etc.
- Etc.

Tabhair ar aird: Tugann an t-iarrthóir eolas cruinn ar mhiotas Éireannach amháin *nó* ar shága Éireannach amháin ach ní dhéanann sé/sí aon tagairt don chaoi a léiríonn sé creidimh reiligiúnacha Réamh-Chríostaí – Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**nó**

**3 I a)ii. Minigh conas is féidir gníomh adhartha Críostaí amháin a chleachtar in Éirinn inniu a rianú siar go dtí an ré Réamh-Chríostaí. 40M**

*Critéir Mharcála*
Aithneofar i bhfreagra sármhaith fianaise ar chreideamh reiligiúnach in Éirinn sa chianaimsir trí chuntas cruinn a thabhairt ar conas is féidir cleachtadh reiligiúnach amháin a fhaightear in Éirinn inniu a rianú siar go dtí an ré Réamh-Chríostaí.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Nascadh an ceiliúradh Críostaí ar shaol Naomh Bríd ó Chill Dara ar an 1 Feabhra le féile réamh-Chríostaí Imbolc ina raibh bandia na torthúlachta, Bríd, lárnach, etc.
- Is féidir an oilithreacht Chríostaí go Cruach Phádraig a rianú siar go suíomh oilithreachta Réamh-Chríostaí a bhaineann le Lughnasa, etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**3 I b) Déan cur síos ar phatrún an chreidimh Chríostaí a bhí le fáil in áit eile san Eoraip ag an am nuair a tháinig Naomh Pádraig go hÉirinn. 40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar phatrún an chreidimh reiligiúnaigh a bhí i mbun athrú ag an am nuair a tháinig Naomh Pádraig go hÉirinn trí chuntas cruinn a thabhairt ar an gcreideamh Críostaí in áit eile san Eoraip ag an am nuair a tháinig Naomh Pádraig go hÉirinn.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Sa chuid den Eoraip faoi rialú na Rómhánach — d'éascaigh bealaí trádála Impireacht na Róimhe misinéirí Críostaí; múnlaíodh na chéad séipéal ar ailtireacht na mbaisleac (foirgnimh phoiblí Rómhánacha); tháinig fás faoi chultas na mairtíreach agus na naomh agus chuathas ar mhórán oilithreachtaí chuig a scrínte, etc.
- Faoin mbliain 400 CR sa Bhreatain bhí fianaise ar struchtúr cléireach ann toisc gur fhriotháil easpaig ar Chríostaí; faoin mbliain 400 CR sa Ghaill bhí easpaig ag friotháil i mbailte agus i bparóistí tuaithe; bhí mainistreacha a mbunú e.g. Martin ó Tours 360 CR etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

## ROINN J AN REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT

**Freagair a) agus b).**

**3 J a)** ***'Ar nós na diagachta, is gá breathnú ar an eolaíocht mar ghníomhaíocht ag pobal creidmheach spreagtha.'*****(God, Humanity and the Cosmos le C. Southgate et al)**
**Pléigh cruinneas an ráitis seo agus bíodh tagairt agat don ról a bhíonn ag rannpháirtiocht pobail i dtaca leis an reiligiún agus leis an eolaíocht araon.**
**40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an reiligiún agus ar an eolaíocht trí scrúdú a dhéanamh ar dhearcthaí éagsúla agus trí theacht ar thuairimí cruinne faoina thábhachtaí atá an pobal ó thaobh na heolaíochta agus an reiligiúin de araon.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Baineann nádúr pobail leis an eolaíocht agus leis an reiligiún araon siocair go bhfuil siad á rialú ag críonnacht charntha an ama atá caite san am i láthair (traidisiún), a mbíonn próiseas na scagaireachta agus na forbartha á dhéanamh air i gcónaí; braitheann siad araon ar obair bhuíne agus iad ag cur leis an obair a rinne siad siúd a tháinig rompu, etc.
- Bíonn siad araon ag lorg thacaíocht agus chomhairle a bpobal ar mhaithe le deimhniú, dearbhú agus glacadh a bhfionnachtana, etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**3 J b)** **Mínigh an chaoi a raibh tionchar ag ceann amháin ar bith de smaointe Descartes ar an ngaol idir an reiligiún agus an eolaíocht.** **40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an ngaol idir an eolaíocht agus an diagacht trí chuntas cruinn a thabhairt ar an tionchar a bhí ag ceann amháin de smaointe Descartes ar an ngaol idir an eolaíocht agus an reiligiún.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Bhí smaoineamh Descartes maidir le scaradh na meabhrach ón gcorp agus gurbh é réasún an duine an bealach ceart leis an bhfírinne a fháil ina bhunús leis an tuairim nach raibh aon tábhacht ag baint le smaointe ar Dhia níos mó (imeacht as Dé); cháin roinnt ceannairí reiligiúnacha an eolaíocht – bhreathnaigh siad uirthi mar ní nach raibh aon Dia ná reiligiún ann; thug roinnt eolaithe neamhaird ar an reiligiún toisc gur síleadh nach raibh aon fhiúntas ag baint leis mar dhisciplín acadúil, etc.
- Mar thoradh ar smaoineamh Descartes gur trí sceipteachas amháin a d'fhéadfaí a bheith cinnte faoi aon rud, bhí daoine ag éirí amhrasach faoi gach uile rud agus spreagadh feachtas i gcomhair cur chuige eolaíoch córasach maidir leis an saol a thuiscint inar bhreathnaigh daoine ar an eolaíocht amháin chun mistéir na beatha a réiteach, etc.
- Chuir Descartes tús le 'Ré an Réasúin' a raibh féinmhuinín ina gné di – go bhféadfaí rúin an tsaoil a aimsiú trí chumhacht na meabhrach amháin; bhí teannas ann sa chaidreamh idir an reiligiún agus an eolaíocht de réir mar a shíl daoine go raibh siad ina 'máistir ar na héisc san fharraige, ar éin na bhflaitheas agus ar na hainmhithe beo uile ar domhan' in áit breathnú orthu féin mar chosantóirí, etc.
- Etc.

Tabhair ar aird: Glac le freagraí tuairisciúla i gcás go mbreathnaíonn an t-iarrthóir go géar ar fhreagairt amháin ar smaointe Descartes.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10     9 > 4     3 > 0 | 40M |

Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ar chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú **síos**.

*Tábla I*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na hábhair a leanas:

- **Religious Education – Higher & Ordinary Level**

**Iomlán: 320 Gnathráta: 10%**

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 240. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |

*Maidir lena bhfuil á mheas sna CRITÉIR MHARCÁLA Ghnáthleibhéil do gach ceist —*

| TUAIRISCÍN NA CEISTE | SÁRMHAITH | AN-MHAITH | MAITH | RÉASÚNTA | LAG | AN-LAG | GAN AON GHRÁD |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **FIANAISE SA FHREAGRA AR AIDHMEANNA / CHUSPÓIRÍ / THORTHAÍ AN TSIOLLABAIS** | FIANAISE SHUBSTAINTIÚIL | FIANAISE AN-MHAITH | FIANAISE MHAITH | FIANAISE LEORDHÓTHANACH | FIANAISE NEAMHLEOR | BEAGÁN FIANAISE | FÍORBHEAGÁN FIANAISE/GAN AON FHIANAISE |
| **BAINT AN FHREAGRA LEIS AN GCEIST** | BAINT IOMLÁN AGUS SHOILEÍR | BAINT SHOILÉIR | BAINT GHINEARÁLTA | BAINT THEORANTA | BEAGÁN BAINTE | FÍORBHEAGÁN BAINTE | GAN AON BHAINT |
| **CRUINNEAS** | GAN AON MHÓR-EARRÁID(Í) | FÍORBHEAGÁN FIANAISE AR MHÓR-EARRÁID(Í) | BEAGÁN FIANAISE AR MHÓR-EARRÁID(Í) | ROINNT MÓR-EARRÁIDÍ | ROINNT MHAITH MÓR-EARRÁIDÍ | ROINNT AN-MHAITH MÓR-EARRÁIDÍ | MÓR-EARRÁIDÍ SUBSTAINTIÚLA |
| **FIANAISE AR GHABHÁIL DON SCIL (DO NA SCILEANNA)** | ÚSÁID SHÁRMHAITH SCIL(EANNA) | ÚSÁID AN-MHAITH SCIL(EANNA) | ÚSÁID MHAITH SCIL(EANNA) | ÚSÁID ÉIGIN AS SCIL(EANNA) | BEAGÁN ÚSÁIDE AS SCIL(EANNA) | FÍORBHEAGÁN ÚSÁIDE AS SCIL(EANNA) | GAN AON ÚSÁID AS SCIL(EANNA) |

*Obair Chúrsa san Oideachas Reiligiúnach – Gnáthleibhéal*

## OBAIR CHÚRSA SAN OIDEACHAS REILIGIÚNACH

Aidhmeanna den obair chúrsa d'Oideachas Reiligiúnach na hArdteistiméireachta:

- Deis a thabhairt do dhaltaí dul i ngleic go pearsanta le saincheist leasa nó imní
- Forbairt a dhéanamh ar eolas, tuiscint, scileanna agus dearcaí na ndaltaí, dé réir mar atá leagtha amach i gcuspóirí na rannóige atá ainmnithe don obair chúrsa
- Deis a thabhairt do dhaltaí tabhairt faoi thaighde, anailís agus mhachnamh breise ar thopaic roghnaithe
- Scileanna taighde, anailíse, meastóireachta, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh a fhorbairt.

Cuireadh obair chúrsa isteach mar ghné den nós imeachta measúnaithe den oideachas reiligiúnach i scrúdú na hArdteistiméireachta mar gheall ar nádúr an ábhair féin. Tá forbairt na scileanna taighde, smaointeoireachta criticiúla, anailíse agus machnaimh ina bpríomhchuspóirí de mhúineadh an oideachais reiligiúnaigh ag an leibhéal sinsearach. Tá obair an chúrsa leagtha amach chun deiseanna a thabhairt do dhaltaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na scileanna seo trí imscrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar thopaic roghnaithe.

(*Oideachas Reiligiúnach, An Ardteistiméireacht, Treoirlínte do Mhúinteoirí* – CNCM leathanach 142)

- Ní mór do na hiarrthóirí obair chúrsa a chur isteach ar **aon** teideal amháin.

- Tá na teidil chéanna **ag gabháil leis an nGnáthleibhéal agus leis an Ardleibhéal**. Ba chóir Leabhrán Obair Chúrsa an iarrthóra **a mharcáil ag an leibhéal ag ar thóg sé/sí an scrúdú.**

- Más mian le hiarrthóirí an obair chúrsa a léiriú, is féidir é sin a dhéanamh sa spás bán ag bun gach leathanaigh. Ní mór don iarrthóir na grafaicí nó na híomhánna ar fad a tharraingt nó a scanadh díreach ar an leabhrán. Níor chóir dóibh, áfach,ábhar a cheangal nó a fheistiú den Leabhrán Obair Chúrsa.

*Teidil Dualgais don Obair Chúrsa san Oideachas Reiligiúnach do Scrúdú na hArdteistiméireachta 2016 —S 92/14*

Tugtar rogha de dhá theideal i Roinn E agus i Roinn H thíos. Ba chóir do na hiarrthóirí an obair chúrsa acu a bhunú ar **aon** teideal amháin, glactha ó Roinn E *nó* ó Roinn H.

### *ROINN E: REILIGIÚN AGUS INSCNE*

**E. 1 Scrúdú ar an méid tionchair atá ag inscne duine ar an ról atá aige/aici i gceann amháin de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas: ◆ AN BÚDACHAS**
**◆ AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆ AN HIONDÚCHAS**
**◆ AN TIOSLAMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS**

*Critéir Mharcála*

Léireofar in obair chúrsa shármhaith tuiscint ar ról na bhfear agus ar ról na mban i dtraidisiúin reiligiúnacha trí fhéachaint go grinn ar an tionchar is féidir a bheith ag inscne duine ar an ról atá aige/aici i gceann amháin de na reiligiúin dhomhanda a liostaítear sa teideal.

**E. 2 Scrúdú ar an tionchar a bhí ag an gcaoi ar chaith Íosa le mná ar an ról a bhí acu i luathphobal Críostaí amháin, mar a chuirtear i láthair sna Scrioptúir Chríostaí.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar in obair chúrsa shármhaith tuiscint ar ról na mban i luathphobal Críostaí trí scrúdú a dhéanamh ar na Scrioptúir Chríostaí agus trí theacht ar thuairimí cruinne faoin tionchar a bhí ag an gcaoi ar chaith Íosa le mná ar an ról a bhí acu i luathphobal Críostaí amháin.

### *ROINN H: AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS DIAGA*

**H.1 ● Na hOibrithe san Fhíonghort (Matha 20:1-16)**
**● An Síoladóir (Matha 13:1-9)**
**● An Deichniúr Maighdean (Matha 25:1-13)**
**● An Rógaire Maoir (Lúcás 16:1-13)**

**Cás-staidéar ar an gcaoi a ndeachaigh úsáid Íosa as scéal i gceann amháin de na parabail thuas i bhfeidhm ar an lucht éisteachta bunaidh agus ar luathphobal Críostaí.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar in obair chúrsa sármhaith eolas mionsonraithe ar théacsanna áirithe ón mBíobla trí fhéachaint go grinn ar scéal amháin a d'inis Íosa agus trí theacht ar thuairimí cruinne faoin gcaoi a ndeachaigh sé i bhfeidhm ar an lucht éisteachta bunaidh i luathphobal Críostaí.

**H.2** ***Is féidir leis an bhfocal scríofa na rudaí a tharla san am a chuaigh thart a chaomhnú agus na rudaí a d'fhéadfadh tarlú a shamhlú.*** **Measúnú ar an bhfianaise atá ann ar an ráiteas sin sna cúiseanna a ndearnadh cur síos ar an mBíobla mar théacs 'clasaiceach'.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar in obair chúrsa shármhaith tuiscint ar an mBíobla mar théacs clasaiceach trí mheasúnacht chruinn a dhéanamh ar an ráiteas gur féidir leis an bhfocal scríofa na rudaí a tharla san am a chuaigh thart a chaomhnú agus na rudaí a d'fhéadfadh tarlú a shamhlú agus faoi mar a d'fhéadfaí breathnú air sin mar chuid de sheánra liteartha an Bhíobla.

**Obair Chúrsa san Oideachas Reiligiúnach – Gnáthleibhéal**

Aidhmeanna den obair chúrsa d'Oideachas Reiligiúnach na hArdteistiméireachta:

- Deis a thabhairt do dhaltaí dul i ngleic go pearsanta le saincheist leasa nó imní.
- Forbairt a dhéanamh ar eolas, tuiscint, scileanna agus dearcaí na ndaltaí, dé réir mar atá leagtha amach i gcuspóirí na rannóige atá ainmnithe don obair chúrsa.
- Deis a thabhairt do dhaltaí tabhairt faoi thaighde, anailís agus mhachnamh breise ar thopaic roghnaithe.
- Scileanna taighde, anailíse, meastóireachta, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh a fhorbairt.

Cuireadh obair chúrsa isteach mar ghné den nós imeachta measúnaithe den oideachas reiligiúnach i scrúdú na hArdteistiméireachta mar gheall ar nádúr an ábhair féin. Tá forbairt na scileanna taighde, smaointeoireachta criticiúla, anailíse agus machnaimh ina bpríomhchuspóirí de mhúineadh an oideachais reiligiúnaigh ag an leibhéal sinsearach. Tá obair an chúrsa leagtha amach chun deiseanna a thabhairt do dhaltaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na scileanna seo trí imscrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar thopaic roghnaithe. (Oideachas Reiligiúnach, An Ardteistiméireacht, Treoirlínte do Mhúinteoirí – CNCM leathanach 142)

Ní mór do na hiarrthóirí obair chúrsa a chur isteach ar aon teideal amháin. Tá na teidil chéanna ag gabháil leis an nGnáthleibhéal agus leis an Ardleibhéal. Ba chóir Leabhrán Obair Chúrsa an iarrthóra a mharcáil ag an leibhéal ag ar thóg sé/sí an scrúdú. Más mian le hiarrthóirí an obair chúrsa a léiriú, is féidir é sin a dhéanamh sa spás bán ag bun gach leathanaigh. Ní mór don iarrthóir na grafaicí nó na híomhánna ar fad a tharraingt nó a scanadh díreach ar an leabhrán. Níor chóir dóibh, áfach, ábhar a cheangal nó a fheistiú den Leabhrán Obair Chúrsa.

***Maidir lena bhfuil á mheas in Obair Chúrsa Ghnáthleibhéil: Cuid A – Achoimre ar an Iniúchadh ar Theideal Roghnaithe 2016***

| ***Tuairiscín Chuid A:*** | **SÁRMHAITH** | **MAITH** | **RÉASÚNTA** | **LAG** |
|---|---|---|---|---|
| **Fianaise ar chritéir mharcála do theideal 2016** *(eolas; tuiscint; scileanna; dearcthaí mar a bhaineann siad leis an siollabas)* **Cód MC** | **FIANAISE CHRUINN SHUBSTAINTIÚIL** | **FIANAISE MHAITH CHRUINN** | **FIANAISE ÉIGIN** | **FIANAISE BHOCHT/GAN AON FHIANAISE** |
| | **40 > 33** | **32 > 25** | **24 > 17** | **16 > 0** |
| ***Pointí socraithe i gCuid A.*** | | | | |
| **Foinsí eolais ar theideal 2016. Cód SI** | FIANAISE SUBSTAINTIÚIL | ÚSÁID MHAITH MAITH | ÚSÁID ÉIGIN | BEAGÁN EOLAIS/GAN AON EOLAS |
| **Eolas ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh ar Theideal 2016** *(taighde; anailís; measúnú; smaointeoireacht chriticiúil; cumarsáid; machnamh)* **Cód SS** | EOLAS MIONSONRAITHE | EOLAS GINEARÁLTA | EOLAS AN-GHINEARÁLTA | BEAGÁN EOLAIS/GAN AON EOLAS |
| **Achoimre ar thorthaí ar theideal 2016** *(an cumas chun – eolas a roghnú, agus anailís agus measúnú a dhéanamh air; eolas a shórtáil agus eagar a chur air; tuairimí a chur i láthair go gonta agus go héifeachtach)* **Cód SF**<br><br>Fianaise tacaíochta do na tuairimí a dtagtar orthu.<br><br>Gabháil phearsanta le Teideal 2016. | • SAOTHAR AN-FHIÚNTACH.<br>ACHOIMRE IOMLÁN AGUS ÁBHARTHA<br>• FIANAISE SHUBSTAINTIÚIL TACAÍOCHTA DO THUAIRIMÍ<br>• GABHÁIL PHEARSANTA SHUBSTAINTIÚIL LE TEIDEAL 2016 | • SAOTHAR FIÚNTACH<br>ACHOIMRE GHINEARÁLTA<br>• FIANAISE MHAITH TACAÍOCHTA DO THUAIRIMÍ<br>• GABHÁIL PHEARSANTA SHOILÉIR LE TEIDEAL 2016 | • SAOTHAR IMLEOR<br>ACHOIMRE THEORANTA<br>• FIANAISE TACAÍOCHTA ÉIGIN DO THUAIRIMÍ<br>• GABHÁIL PHEARSANTA ÉIGIN LE TEIDEAL 2016 | • SAOTHAR BEAGBHRÍOCH/NEAMH ÁBHARTHA ACHOIMRE BHOCHT/GAN ACHOIMRE<br>• BEAGÁN/GAN FIANAISE TACAÍOCHTA DO THUAIRIMÍ<br>• GABHÁIL PHEARSANTA NEAMHLEOR/GAN AON GHABHÁIL PHEARSANTA LE TEIDEAL 2016 |

***Cuid* B – *Machnamh pearsanta ar an bhfoghlaim, ar na scileanna agus ar na heispéiris a baineadh amach trí obair chúrsa a dhéanamh ar Theideal Roghnaithe 2016***

| *Tuairiscín Chuid B:* | **SÁRMHAITH** | **AN-MHAITH** | **MAITH** | **RÉASÚNTA/LAG** |
|---|---|---|---|---|
| **Fianaise ar chritéir mharcála do theideal 2016** *(eolas; tuiscint; scileanna; dearcthaí mar a bhaineann siad leis an siollabas)* **Cód MC** | FIANAISE CHRUINN SHUBSTAINTIÚIL | FIANAISE MHAITH SHUBSTAINTIÚIL | ÚSÁID SHUBSTAINTIÚIL | FIANAISE BHOCHT/GAN AON SHUBSTAINTIÚIL |
| | **40 > 33** | **32 > 25** | **24 > 17** | **16 > 0** |
| *Ceisteanna socraithe i gCuid B*: **ÚSÁID SCILEANNA** ar Theideal 2016 (taighde; anailís; measúnú; smaointeoireacht chriticiúil; cumarsáid; machnamh, breithiúnas, measúnú). **Cód S** | FIANAISE SCILEANNA | ÚSÁID SHOILÉIR SCILEANNA | FIANAISE SCILEANNA | ÚSÁID NEAMHLEOR/GAN AON ÚSÁID SCILEANNA |
| Cén fáth a raibh teideal 2016 ina **ÁBHAR SPÉISE**? *(díograis/imní)* **Cód I** | SAOTHAR AN-FHIÚNTACH MÍNIÚCHÁN MIONSONRAITHE MAR AON LE SPÉIS PHEARSANTA SHOILÉIR | SAOTHAR FIÚNTACH MÍNIÚCHÁN GINEARÁLTA MAR AON LE SPÉIS PHEARSANTA ÉIGIN | PÍOSA BREÁ SAOTHAIR MAR AON LE SPÉIS PHEARSANTA ÁBHARTHA NEAMHLEOR | SAOTHAR BEAGBHRÍOCH/ AN-BHEAGBHRÍOCH BEAGÁN ÁBHARTHACHTA/GAN AON ÁBHARTHACHT SPÉIS PHEARSANTA |
| Cé na **DEARCTHAÍ ÉAGSÚLA** ar tháinig tú trasna orthu le linn duit an obair chúrsa a dhéanamh ar do theideal roghnaithe do 2016? **Cód P** | FIANAISE SHUBSTAINTIÚIL AGUS DEARCTHAÍ ÉAGSÚLA A CHOTHROMÚ | SAINAITHINT SHOILÉIR AGUS DEARCTHAÍ ÉAGSÚLA A CHOTHROMÚ | SAINAITHINT ÉIGIN AGUS DEARCTHAÍ ÉAGSÚLA A CHOTHROMÚ | BEAGÁN SAINAITHEANTA/GAN AON SAINAITHINT AGUS DEARCTHAÍ ÉAGSÚLA A CHOTHROMÚ |
| Cé na **CEISTEANNA** a tháinig chun cinn trí obair chúrsa á déanamh ar theideal 2016? **Cód Q** | FIANAISE SHUBSTAINTIÚIL CEISTEANNA | SAINAITHINT SHOILÉIR CEISTEANNA | SAINAITHINT ÉIGIN CEISTEANNA | BEAGÁN SAINAITHEANTA CEISTEANNA/GAN AON SAINAITHINT CEISTEANNA |
| Cé na **LÉARGAIS PHEARSANTA** a fuair tú trí as obair chúrsa a dhéanamh ar theideal 2016? **Cód PI** | CUR SÍOS MIONSONRAITHE MAR AON LE GABHÁIL PHEARSANTA SHUBSTAINTIÚIL | CUR SÍOS GINEARÁLTA MAR AON LE GABHÁIL PHEARSANTA SHOILÉIR | CUR SÍOS GINEARÁLTA MAR AON LE GABHÁIL PHEARSANTA IMLEOR | BEAGÁN CUR SÍOS/GAN AON CHUR SÍOS MAR AON LE GABHÁIL PHEARSANTA NEAMHLEOR/GAN AON GHABHÁIL PHEARSANTA |
| Céard é an rud **BA LUACHMHAIRE** a bhain leis an obair chúrsa a dhéanamh ar an teideal seo? **Cód V** | MEASÚNÚ SUBSTAINTIÚIL LENA MBAINEANN LUACH | MEASÚNÚ MAITH LENA MBAINEANN LUACH | MEASÚNÚ ÉIGIN LENA MBAINEANN LUACH | BEAGÁN MEASÚNAITHE/GAN AON MHEASÚNÚ LENA MBAINEANN LUACH |

Leathanach Bán

Leathanach Bán